2026/2508

11.11.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2508 ÓN gCOMHAIRLE

an 9 Samhain 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/1968 maidir le Misean Cúnaimh Mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1968 ([1]), lenar bunaíodh Misean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine).

(2) An 8 Samhain 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2876 ([2]), lenar leasaíodh sainordú EUMAM Ukraine agus lenar cuireadh síneadh leis an sainordú sin go dtí an 15 Samhain 2026.

(3) An 3 Meán Fómhair 2026, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhthéacs athbhreithniú straitéiseach ar EUMAM Ukraine, gur cheart síneadh a chur le EUMAM Ukraine go dtí an 15 Samhain 2028. D'athdhearbhaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála a thábhachtaí atá tacaíocht mhíleata leanúnach ón Aontas don Úcráin agus ba dhíol sásaimh dó na torthaí a bhain EUMAM Ukraine amach. Ina theannta sin, chuir an Coiste Polaitiúil agus Slándála i bhfios go láidir gur gá comhordú go dlúth leis an obair leanúnach atá á stiúradh ag Comhghuaillíocht na dTíortha Toilteanacha, agus le ECAT faoi chuimsiú chlár ECAT um chabhair agus oiliúint slándála don Úcráin, ar bhealach cuimsitheach neamh-idirdhealaitheach.

(4) I litir dar dáta an 10 Deireadh Fómhair 2026, d'iarr Aireacht Cosanta na hÚcráine ar an Aontas láithreacht dhíreach a áirithiú ina chríoch ar bhonn buan.

(5) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2022/1968 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/1968 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear na pointí seo a leanas léi:

'(e) sásra struchtúrtha láidir le haghaidh ceachtanna a sainaithníodh agus ceachtanna a foghlaimíodh, lena gcomhlánaítear agus lena dtreisítear iarrachtaí oiliúna, chun ceachtanna ó láthair an chatha a ghabháil, a anailísiú agus a scaipeadh go córasach;

(f) gníomhaíochtaí comhairleacha agus oideachais chun tacú le clár oibre na hÚcráine um athchóiriú cosanta bunaithe ar iarraidh na hÚcráine; áireofar ar na réimsí atá le cumhdach leis na gníomhaíochtaí sin athchóirithe ar chaipiteal daonna Aireacht Cosanta na hÚcráine, agus béim tosaigh á leagan ar an oideachas míleata gairmiúil a nuachóiriú.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad mhír 5:

'5. Oibreoidh EUMAM Ukraine ar chríoch na mBallstát agus, chun comhordú díreach a dhéanamh agus na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 1(3), pointí (e) agus (f), a dhéanamh, agus chun na críche sin amháin, ar chríoch na hÚcráine.';

([1]) Cinneadh (CBES) 2022/1968 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Misean Cúnaimh Mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine) (IO L 270, 18.10.2022, lch. 85, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/1968/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/2876 ón gComhairle an 8 Samhain 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/1968 maidir le Misean Cúnaimh Mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine) (IO L, 2024/2876, 11.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2876/oj).

(2) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionadh mhír 1:

‘1. Faoi fhreagracht na Comhairle agus an Ardionadaí, feidhmeoidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach EUMAM Ukraine. Leis seo, údaraíonn an Chomhairle an Coiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Áireofar leis an údarú sin na cumhachtaí chun doiciméid phleanála EUMAM Ukraine a leasú, lena n-áirítear an Plean Misin, agus an Slabhra Ceannais. Áireofar leis an údarú sin freisin na cumhachtaí chun cinntí a dhéanamh maidir le Ceannasaithe an Aontais a cheapadh, eadhon Ceannasaí Oiliúna Arm Comhcheangailte, an Ceannasaí Speisialta Oiliúna, agus aon Cheannasaí Oiliúna eile de chuid an Aontais. Leanfaidh na cumhachtaí cinnteoireachta maidir le cuspóirí agus foirceannadh EUMAM Ukraine de bheith dílsithe don Chomhairle. Foilseofar na cinntí a dhéanfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála maidir le Ceannasaithe an Aontais a cheapadh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.’;

(3) leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

‘3. Déanfaidh EUMAM Ukraine a ghníomhaíochtaí a chomhordú le gníomhaíochtaí déthaobhacha na mBallstát mar thaca leis an Úcráin, chomh maith le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile atá ar aon intinn leis, go háirithe Stáit Aontaithe Mheiriceá, Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, Ceanada, an Iorua, Comhghuaillíocht na dTíortha Toilteanacha agus an Fórsa Ilnáisiúnta don Úcráin.

4. Oibreoidh EUMAM Ukraine i gcomhar le ECAT, go háirithe Clár ECAT um Chabhair agus Oiliúint Slándála don Úcráin, Ionadaíocht ECAT chuig an Úcráin agus an tIonad Comhpháirteach Anailíse, Oiliúna agus Oideachais, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na trédhearcachta, na cómhalartachta agus na cuimsitheachta, chomh maith le neamhspleáchas agus nósanna imeachta cinnteoireachta an dá eagraíocht.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘5. Chun comhordú áitiúil a éascú, coinneoidh EUMAM Ukraine láithreacht san Úcráin chun teagmháil dhíreach éifeachtach a áirithiú le húdaráis mhíleata na hÚcráine, le Fórsaí Armtha na hÚcráine agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta atá ar aon intinn leo chun a áirithiú go leanfaidh oiliúint an Aontais de bheith ag forbairt i gcomhréir le riachtanais Fhórsaí Armtha na hÚcráine.’;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

‘*Airteagal 9*

Stádas na n-aonad agus an phearsanra faoi stiúir an Aontais

Beidh feidhm ag Comhaontú an Aontais maidir le Stádas Fórsaí (EU SOFA) maidir le haonaid agus pearsanra faoi stiúir an Aontais a imscartar ar chríoch na mBallstát. Beidh stádas EUMAM Ukraine agus a phearsanra san Úcráin, lena n-áirítear na pribhléidí, na díolúintí agus na ráthaíochtaí breise is gá chun a misean a chur i gcrích agus a fheidhmiú go rianúil, ina n-ábhar do chomhaontú arna thabhairt i gcrích ag an Aontas leis an Úcráin de bhun Airteagal 37 CAE agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).’;

(5) leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) tá na costais incriminteacha seo a leanas le cistiú i gcomhar leis an tSaoráid Eorpach Síochána:

(i) costais oibriúcháin maidir le tacaíocht d’oiliúnaithe agus d’oiliúnóirí Fhórsaí Armtha na hÚcráine (iompar ó theorainn na hÚcráine go dtí na saoráidí oiliúna agus filleadh uathu, agus iompar sna saoráidí oiliúna, thart timpeall orthu agus eatarthu; tacaíocht fíorshaoil; tacaíocht leighis agus aslonnuithe);

(ii) costais oibriúcháin is gá le haghaidh na ngníomhaíochtaí oiliúna (peitriliam, ola agus bealaí, cothabháil feithiclí a úsáidtear san oiliúint; ateangairí; agus pacáistí oiliúna pearsanta, i gcás nach soláthraíonn an Úcráin iad);

(iii) na costais oibríochtúla is gá chun cláir chomhpháirtíochta a chómhaoiniú arb é is aidhm dóibh an comhar idir ionaid oiliúna na mBallstát agus ionaid oiliúna na hÚcráine a éascú; is é Coiste na Saoráide Eorpaí Síochána a bhunóidh na critéir maidir le cómhaoiniú.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'7. EUR 292,6 milliún a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chostais choiteanna EUMAM Ukraine ar feadh na tréimhse ón 16 Samhain 2026 go dtí an 15 Samhain 2028. Is é a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha sin dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509 0 % le haghaidh gealltanas agus 0 % le haghaidh íocaíochtaí.';

(6) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad mhír 2:

'2. Beidh sé d'údarás ag an Ardionadaí freisin, i gcomhréir le riachtanais oibríochtúla EUMAM Ukraine, faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais suas go dtí leibhéal "RESTREINT UE/EU RESTRICTED", arna giniúint chun críocha EUMAM Ukraine, a scaoileadh leis an Úcráin, le Stáit Aontaithe Mheiriceá, leis an Ríocht Aontaithe, le Ceanada, leis an Iorua, le Clár ECAT um Chabhair agus Oiliúint Slándála don Úcráin, le hIonadaíocht ECAT chuig an Úcráin, leis an Ionad Comhpháirteach Anailíse, Oiliúna agus Oideachais, le Comhghuaillíocht na dTíortha Toilteanacha agus leis an bhFórsa Ilnáisiúnta don Úcráin, i gcomhréir le Cinneadh 2013/488/AE. Déanfar na socruithe is gá idir an tArdionadaí agus údaráis inniúla na hÚcráine, Clár ECAT um Chabhair agus Oiliúint Slándála don Úcráin, Ionadaíocht ECAT chuig an Úcráin, an tIonad Comhpháirteach Anailíse, Oiliúna agus Oideachais, Comhghuaillíocht na dTíortha Toilteanacha agus an Fórsa Ilnáisiúnta don Úcráin a tharraingt suas chun na críche sin.';

(7) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha. Beidh feidhm aige go dtí an 15 Samhain 2028.

2. Déanfar athbhreithniú straitéiseach ar EUMAM Ukraine in am trátha sula rachaidh an Cinneadh seo in éag. Beidh gníomhaíochtaí EUMAM Ukraine san Úcráin faoi réir measúnú críochnúil leanúnach, a leagfar amach i ndoiciméid oibríochtúla EUMAM Ukraine.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 16 Samhain 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. HARRIS